102.	Ahmed (أحمد) (ar a dtugtar freisin Ahmad) DIBE (ديب) (ar a dtugtar freisin Dib, Deeb)	Ceann Deraa Regional Branch (General Security Directorate) Inscne: fireann	Mar Cheann Chraobh Réigiúnach Deraa den General Security Directorate, freagrach as coinneáil threallach agus coinneálaithe a chéasadh in Deraa.	23.1.2012
103.	Makhmoud (محمود) (ar a dtugtar freisin Mahmoud) AL-KHATTIB (الخطيب) (ar a dtugtar freisin al-Khatib, al-Khateeb)	Post: Ceann ar an gCraobh Imscrúdaitheach (Political Security Directorate); Inscne: fireann	Mar Cheann Chraobh Imscrúdaitheach an Political Security Directorate, freagrach as coinneálaithe a choinneáil agus a chéasadh.	23.1.2012
104.	Mohamed (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammad, Muhammad, Mohammed) Heikmat (حكمت) (ar a dtugtar freisin Hikmat, Hekmat) IBRAHIM (إبراهيم)	Post: Maor-Ghinearál. Ceann phóilíní Al-Hassaka; Inscne: fireann	Ceann phóilíní al-Hassaka. Maor-Ghinearál. IarCheann Chraobh Oibríochtaí an Political Security Directorate, a bhí freagrach as coinneálaithe a choinneáil agus a chéasadh.	23.1.2012
105.	Nasser (ناصر) (ar a dtugtar freisin Naser) AL-ALI (العلي) (ar a dtugtar freisin Brigadier General Nasr al-Ali)	Post: Ceann an Political Security Directorate; Inscne: fireann	Ceann an Political Security Directorate ó mhí Iúil 2019 i leith. Freagrach as coinneálaithe a choinneáil agus a chéasadh.	23.1.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
106.	Dr Wael (وائـل) Nader (نـادر) AL –HALQI (الحلقـي) (ar a dtugtar freisin al-Halki)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: Dara'a Province, Syria; Inscne: fireann	IarPhríomh-Aire, a bhí in oifig go dtí an 3.7.2016, agus iarAire Sláinte. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach. Cathaoirleach ar Bhord Iontaobhaithe Qasyoun Private University.	27.2.2012
107.	Mohammad Ibrahim AL-SHA'AR	Dáta breithe: 1956; Áit bhreithe: Aleppo, Syria; Inscne: fireann	IarAire Gnóthaí Baile. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach. Leas-Chathaoirleach an National Progressive Front of Syria.	1.12.2011
108.	Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) AL-JLEILATI (الجليلاتي, جليلاتي)	Dáta breithe: 1945; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	IarAire Airgeadais, a bhí in oifig go dtí an 9.2.2013. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	1.12.2011
109.	Imad (عماد) Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) Deeb (ديـب) KHAMIS (خميـس) (ar a dtugtar freisin Imad Mohammad Dib Khamees)	Dáta breithe: 1.8.1961; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	Príomh-Aire agus iarAire Leictreachais. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	23.3.2012
110.	Omar (عمر) Ibrahim (إبـراهيم) GHALA-WANJI (غلاونجـي)	Dáta breithe: 1954; Áit bhreithe: Tartous, Syria; Inscne: fireann	IarLeas-Phríomh-Aire Gnóthaí Seirbhísí, iarAire Riaracháin Áitiúil, a bhí in oifig go dtí 3.7.2016. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	23.3.2012
111.	Joseph (جوزيـف) SUWAID (سـويد)	Dáta breithe: 1958; Áit Bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	IarAire Stáit, a bhí in oifig go dtí an 21 Eanáir 2014. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach. Cathaoirleach sciathán Amana den Syrian Social Nationalist Party.	23.3.2012
112.	Hussein (حسـين) (ar a dtugtar freisin Hussain) Mahmoud (محمود) FARZAT (فـرزات) (ar a dtugtar freisin: Hussein Mahmud Farzat)	Dáta breithe: 1957; Áit Bhreithe: Hama, Syria; Inscne: fireann	IarAire Stáit, a bhí in oifig go dtí 2014 ar a laghad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	23.3.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
113.	Mansour (منصور) Fadlallah (فضل الله) AZZAM (عزام) (ar a dtugtar freisin: Mansur Fadl Allah Azzam)	Dáta breithe: 1960; Áit bhreithe: Sweida Province, Syria; Inscne: fireann	Aire Gnóthaí Uachtaránachta. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	27.2.2012
114.	Emad (عماد) Abdul-Ghani (عبدالغني) SABOUNI (صابوني) (ar a dtugtar freisin Imad Abdul Ghani Al Sabuni)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	IarAire Teileachumarsáide agus Teicneolaíochta, a bhí in oifig go dtí mí Aibreáin 2014 ar a laghad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach. I mí Iúil 2016 a ceapadh é mar Cheann an Planning and International Cooperation Agency (Gníomhaireacht Rialtais).	27.2.2012
115.	General Ali (علي) Habib (حبيب) (ar a dtugtar freisin Habeeb) MAHMOUD (محمود)	Dáta breithe: 1939; Áit bhreithe: Tartous, Syria; Inscne: fireann	IarAire Cosanta. Bainteach le réimeas na Siria agus le fórsaí míleata na Siria, agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an bpobal sibhialtach.	1.8.2011
116.	Tayseer (تيسير) Qala (قلا) AWWAD (عواد)	Dáta breithe: 1943; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	IarAire Dlí agus Cirt. Bainteach le réimeas na Siria agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an phobail sibhialtach. IarCheann na Cúirte Míleata. Comhalta den High Judicial Council.	23.9.2011
117.	Adnan (عدنان) Hassan (حسن) MAHMOUD (محمود)	Dáta breithe: 1966; Áit bhreithe: Tartous, Syria; Inscne: fireann	Ambasadóir na Siria chun na hIaráine. IarAire Faisnéise a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	23.9.2011
118.	Khalaf Souleymane ABDALLAH (ar a dtugtar freisin Khalaf Sleiman al-Abdullah)	Dáta breithe: 1960; Áit bhreithe: Deir ez-Zor, Syria; Inscne: fireann	An tIarAire Saothair a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 (27.8.2014 a ceapadh). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
119.	Sufian (سفيان) ALLAW (علاو)	Dáta breithe: 1944; Áit bhreithe: al-Bukamal, Deir Ezzor, Syria; Inscne: fireann	IarAire Ola agus Acmhainní Mianra. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an phobail sibhialtach.	27.2.2012
120.	Dr Adnan (عدنان) SLAKHO (سلاخو)	Dáta breithe: 1955; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	IarAire Tionscail. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an phobail sibhialtach.	27.2.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
121.	Dr Saleh (صالح) AL-RASHED (الراشد)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: Aleppo Province, Syria; Inscne: fireann	IarAire Oideachais. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an phobail sibhialtach.	27.2.2012
122.	Dr Fayssal (فيصل) (ar a dtugtar freisin Faysal) ABBAS (عباس)	Dáta breithe: 1955; Áit bhreithe: Hama Province, Syria; Inscne: fireann	IarAire Iompair. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an phobail sibhialtach.	27.2.2012
123.	Ghiath (غياث) JERAATLI (جرعتلي) (Jer'atli, Jir'atli, Jiraatli)	Dáta breithe: 1950; Áit bhreithe: Salamiya, Syria; Inscne: fireann	IarAire Stáit. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an phobail sibhialtach.	23.3.2012
124.	Yousef (يوسف) Suleiman (سليمان) AL-AHMAD (الأحمد) (ar a dtugtar freisin Al-Ahmed)	Dáta breithe: 1956; Áit bhreithe: Hasaka, Syria; Inscne: fireann	IarAire Stáit. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an phobail sibhialtach.	23.3.2012
125.	Hassan (حسن,حسان) AL-SARI (الساري)	Dáta breithe: 1953; Áit bhreithe: Hama, Syria; Inscne: fireann	IarAire Stáit. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an daonra sibhialtach.	23.3.2012
126.	Bouthaina (بثينة) SHAABAN (شعبان) (ar a dtugtar freisin Buthaina Shaaban)	Dáta breithe: 1953; Áit bhreithe: Homs, Syria; Inscne: baineann	Comhairleoir Polaitiúil agus Meán don Uachtarán ó mhí Iúil 2008 i leith agus baint aici, dá réir sin, leis an gcniogbheartaíocht fhoréigneach ar an bpobal.	26.6.2012
127.	Brigadier General Sha'afiq (شفيق) (ar a dtugtar freisin Shafiq, Shafik) MASA (ماسا) (ar a dtugtar freisin Massa)	Dáta breithe: 1956; Áit bhreithe : Al-Zara (Hama), Syria; Inscne: fireann	Ceann Chraobh 215 (an Damaisc) de sheirbhís faisnéise an airm. Freagrach as lucht freasúra a bhí faoi choinneáil a chéasadh. Páirteach i ngníomhaíochtaí diansmachtúla i gcoinne sibhialtach.	24.7.2012
128.	Brigadier General Burhan (برهان) QADDOUR (قدور) (ar a dtugtar freisin Qaddour, Qaddur)	Inscne: fireann	Iarcheann Chraobh 291 (an Damaisc) de sheirbhís faisnéise an airm. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
129.	Brigadier General Salah (صلاح) HAMAD (حمد)	Inscne: fireann	Leas-Cheann Chraobh 291 de sheirbhís faisnéise an airm. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
130.	Brigadier General Muhammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammed) KHALLOUF (خلوف) (ar a dtugtar freisin Abou Ezzat)	Inscne: fireann	IarCheann Chraobh 235 (2009-2014), ar a dtugtar freisin "Palestine" (an Damaisc) de sheirbhís faisnéise an airm, atá i gcroílár ghaireas diansmachta an airm. Bainteach go díreach le lucht freasúra a chur faoi chois. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
131.	Major General Riad (رياض) (ar a dtugtar freisin Riyad) AL-AHMED (الأحمد) (ar a dtugtar freisin al-Ahmad)	Inscne: fireann	Leas-Cheann Chraobh Latakia de sheirbhís faisnéise an airm. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh agus a dhúnmharú.	24.7.2012
132.	Brigadier General Abdul-Salam (عبدالسلام) Fajr (فجر) MAHMOUD (محمود)	Inscne: fireann	Ceann Chraobh Bhab Tuma (an Damaisc) de sheirbhís faisnéise an aerfhórsa. IarCheann chraobh imscrúdaithe faisnéise aerfhórsa Aerfort Mezze. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh. Faoi ghabháil idirnáisiúnta le haghaidh "comhpháirteachas i ngníomhaíochtaí ceastóireachta", "comhpháirteachas i gcoireanna in aghaidh na daonnachta" agus "comhpháirteachas i gcoireanna cogaidh".	24.7.2012
133.	Brigadier General Jawdat (جودت) AL-AHMED (الأحمد) (ar a dtugtar freisin Al-Ahmad)	Áit bhreithe : Qardaha, Lattakia province, Syria; Inscne: fireann	Ceann Chraobh Homs de sheirbhís faisnéise an aerfhórsa. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh mar aon le hagóidithe síochánta a mharú.	24.7.2012
134.	Colonel Qusay (قصي) MIHOUB (ميهوب)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe : Derghamo, Jableh, Lattakia, Syria; Inscne: fireann	Oifigeach ardrangaithe ag an Syrian Air Force Intelligence Service. IarCheann chraobh Deraa de sheirbhís faisnéise an aerfhórsa (a seoladh ón Damaisc go Deraa ag tús na léirsithe ansin). Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh mar aon le hagóidithe síochánta i réigiún an deiscirt a chur faoi chois le foréigean.	24.7.2012
135.	Brigadier General Suhail (سهيل) (ar a dtugtar freisin Suheil) AL-ABDULLAH (العبدالله) (ar a dtugtar freisin al-Abdallah)	Inscne: fireann	Ceann Chraobh Latakia de sheirbhís faisnéise an aerfhórsa. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
136.	Brigadier General Khudr (خضر) KHUDR (خضر)	Inscne: fireann	Ceann chraobh Latakia den General Intelligence Directorate. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
137.	Brigadier General Ibrahim (إبـراهيم) MA'A-LA (معلـى) (ar a dtugtar freisin Maala, Maale, Ma'la)	Inscne: fireann	Ceann chraobh 285 (an Damaisc) den General Intelligence Directorate (a tháinig in ionad Brig.. Gen. Hussam Fendi ag deireadh 2011). Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
138.	Brigadier General Firas (فـراس) AL-HAMED (الحامد) (ar a dtugtar freisin Al-Hamid)	Inscne: fireann	Ceann chraobh 318 (Homs) den General Intelligence Directorate. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
139.	Major General Hussam (حسـام) (ar a dtugtar freisin Husam, Housam, Houssam) LUQA (لوقـا) (ar a dtugtar freisin Louqa, Louca, Louka, Luka)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	Ceann an General Security Directorate. Maor-Ghinearál. Ó mhí Aibreáin 2012 go dtí an 2.12.2018, bhí sé ina cheann ar chraobh Homs den Political Security Directorate (tháinig i gcomharbacht ar Brig. Gen. Nasr al-Ali). Ón 3.12.2018 i leith, ceann an Political Security Directorate. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh.	24.7.2012
140.	Brigadier General Taha (طه) TAHA (طه)	Inscne: fireann	Bainisteoir láithreáin chraobh Latakia den Political Security Directorate. Freagrach as lucht freasúra faoi choimeád a chéasadh	24.7.2012
141.	Bassel (باسل) (ar a dtugtar freisin Basel) BILAL (بـلال)	Inscne: fireann	Póilín ag príosún lárnach Idlib; ghlac sé páirt go díreach i ngníomhaíochtaí céastóireachta ar lucht freasúra arna choinneáil i bpríosún lárnach Idlib.	24.7.2012
142.	Ahmad (أحمد) (ar a dtugtar freisin Ahmed) KAFAN (كفـان)	Inscne: fireann	Póilín ag príosún lárnach Idlib; ghlac sé páirt go díreach i ngníomhaíochtaí céastóireachta ar lucht freasúra arna choinneáil i bpríosún lárnach Idlib.	24.7.2012
143.	Bassam (بسـام) AL-MISRI (المصـري)	Inscne: fireann	Póilín ag príosún lárnach Idlib; ghlac sé páirt go díreach i ngníomhaíochtaí céastóireachta ar lucht freasúra arna choinneáil i bpríosún lárnach Idlib.	24.7.2012
144.	Ahmed (أحمد) (ar a dtugtar freisin Ahmad) AL-JARROUCHEH (الجاروشـة) (ar a dtugtar freisin al-Jarousha, al-Jarousheh, al-Jaroucha, al-Jarouchah, al-Jaroucheh)	Dáta breithe: 1957; Inscne: fireann	Iar-cheann chraobh eachtrach de chuid sheirbhís na Faisnéise Ginearálta (craobh 279). Dá réir sin, freagrach as socruithe maidir le Faisnéis Ghinearálta in ambasáidí na Siria.	24.7.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
145.	Michel (ميشـــيل) KASSOUHA (كاسوحة) (ar a dtugtar freisin Kasouha) (ar a dtugtar freisin Ahmed Salem; ar a dtugtar freisin Ahmed Salem Hassan)	Dáta breithe: 1.2.1948; Inscne: fireann	Comhalta de sheirbhísí slándála na Siria ó thús na 1970idí, tá baint aige leis an bhfreasúra sa Fhrainc agus sa Ghearmáin a chomhrac. Ó mhí Márta 2006 i leith, tá sé freagrach as caidreamh poiblí de chraobh 273 den Syrian General Intelligence Directorate. Tá sé ina chomhalta foirne bainistíochta le fada agus tá sé gar do cheann an General Intelligence Directorate, Ali Mamlouk, atá ar cheann de mhóroifigigh slándála an réimis a bhí faoi réir bearta sriantacha an Aontais ón 9.5.2011 i leith. Tacaíonn sé go díreach leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh ag réimeas na Siria ar fhreasúra na Siria agus tá sé freagrach inter alia as freasúra na Siria thar lear a chur faoi chois.	24.7.2012
146.	General Ghassan (غسان) Jaoudat (جودت) ISMAIL (اسماعيل) (ar a dtugtar freisin Ismael)	Dáta breithe: 1960; Áit bhreithe: Drekish, Tartous region, Syria; Inscne: fireann	Ceann an Air Force Intelligence Directorate ó 2019 i leith. Iarleas-stiúrthóir an Air Force Intelligence Directorate agus a bhí i gceannas ar chraobh misean sheirbhís faisnéise an aerfhórsa, a dhéanann bainistiú, i gcomhar le craobh na n-oibríochtaí speisialta, ar thrúpaí scothaicme sheirbhís faisnéise an aerfhórsa, a mbíonn ról tábhachtach acu sa bhrú faoi chois a dhéanann an réimeas. Mar sin, tá Ghassan Jaoudat Ismail ar cheann de na ceannairí míleata is mó a chuireann chun feidhme go díreach an cur faoi chois foréigneach atá á dhéanamh ag an réimeas ar lucht an fhreasúra chomh maith leis na cleachtais a bhaineann le dul ar iarraidh sibhialtach.	24.7.2012
147.	Major General Amer AL-ACHI (ar a dtugtar freisin Amer Ibrahim al-Achi; ar a dtugtar freisin Amis al Ashi; ar a dtugtar freisin Ammar Aachi; ar a dtugtar freisin Amer Ashi) (عامر ابراهيم العشي)	Inscne: fireann	Cheap Uachtarán Bashar al-Assad ina Ghobharnóir ar Ghobharnóireacht Sweida é i mí Iúil 2016. Iar-Cheann ar chraobh faisnéise ghníomhaireacht faisnéise an Syrian Airforce (2012-2016). Trína ról i ngníomhaireacht faisnéise an aerfhórsa, luaitear Amer al-Achi leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh ar fhreasúra na Siria.	24.7.2012
148.	General Mohammed (محمد) (ar a dtugtar freisin Muhammad, Mohamed, Mohammad) Ali (علي) NASR (نصر) (nó: Mohammed Ali Naser)	Dáta breithe: thart ar 1960; Inscne: fireann	Gar do Maher al-Assad, deartháir níos óige an Uachtaráin Bashar al-Assad. Chaith sé an chuid is mó dá ghairmréim san Republican Guard. In 2010, chuaigh sé isteach i gcraobh inmheánach (nó craobh 251) an General Intelligence Directorate atá freagrach as an bhfreasúra polaitiúil a chomhrac. Tá an Ginearál Mohammed Ali Nasr ar cheann dá oifigigh shinsearacha agus tá baint dhíreach aige mar sin leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh ar lucht an fhreasúra.	24.7.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
149.	General Issam (عصام) HALLAQ (حلاق)	Inscne: fireann	Ceann Foirne an Aerfhórsa ó 2010 i leith. Stiúrann sé oibríochtaí aeir i gcoinne lucht an fhreasúra.	24.7.2012
150.	Ezzedine (عزالـدين) ISMAEL (إسـماعيل) (ar a dtugtar freisin Ismail)	Dáta breithe: lár na 1940idí (1947 is dócha); Áit bhreithe: Bastir. Jableh region, Syria; Inscne: fireann	Ginearál ar scor, tréimhse fhada caite aige ina chomhalta foirne bainistíochta de Sheirbhís Faisnéise an Aerfhórsa, agus bhí sé ina cheannaire uirthi go luath sna 2000idí. Ceapadh é ina chomhairleoir polaitiúil agus slándála d'Uachtarán Bashar al-Assad in 2006. Mar chomhairleoir polaitiúil agus slándála d'Uachtarán na Siria, luaitear Ezzedine Ismael leis an gcur faoi chois polaitiúil atá á dhéanamh ag réimeas na Siria i gcoinne an fhreasúra.	24.7.2012
151.	Samir (سـمير) (ar a dtugtar freisin Sameer) JOUMAA (جمعة) (ar a dtugtar freisin Jumaa, Jum'a, Joum'a) (ar a dtugtar freisin Abou Sami)	Dáta breithe: timpeall 1962; Inscne: fireann	Ar feadh beagnach 20 bliain, bhí sé ina cheann ar oifig Mohammad Nassif Kheir Bek, duine de phríomhchomhairleoirí slándála Bashar al-Assad (agus bhí sé ina ionadaí oifigiúil don Leas-Uachtarán, Farouk al-Sharaa). I bhfianaise an gharchaidrimh atá ag Shamir Joumaa le Bashar al-Assad agus Mohammed Nassif Kheir Bek, luaitear é leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh ag réimeas na Siria i gcoinne an fhreasúra.	24.7.2012
152.	Dr Qadri (قدري) (ar a dtugtar freisin Kadri) JAMIL (جميل) (ar a dtugtar freisin Jameel)	Dáta breithe: 1952; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	IarLeas-Phríomh-Aire Gnóthaí Eacnamaíocha, iarAire Trádála Baile agus Cosanta Tomhaltóirí. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
153.	Waleed (الوليـد) (ar a dtugtar freisin Walid) AL MO'ALLEM (المعلم) (ar a dtugtar freisin Al Moallem, Muallem (معلـم))	Dáta breithe: 17.7. 1941; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	An Leas-Phríomh-Aire, An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Easaoránach. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
155.	Dr. Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) Abdul-Sattar (عبـد السـتار) (ar a dtugtar freisin Abd al-Sattar) AL SAYED (السـيد) (ar a dtugtar freisin Al Sayyed)	Dáta breithe: 1958; Áit bhreithe: Tartous, Syria; Inscne: fireann	Aire Dearlaicí Reiligiúnacha. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
156.	Hala (هالة) Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) AL NASSER (الناصر)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: Raqqa, Syria; Inscne: fireann	IarAire Turasóireachta. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
157.	Bassam (بسام) HANNA (حنا)	Dáta breithe: 1954; Áit bhreithe: Aleppo, Syria; Inscne: fireann	IarAire Acmhainní Uisce i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
158.	Subhi (صبحي) Ahmad (احمد) AL ABDALLAH (العبدالله) (ar a dtugtar freisin al-Abdullah)	Inscne: fireann	An t-arAire Talmhaíochta agus Athchóirithe Talmhaíochta. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
159.	Dr. Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Muhammad, Mohamed, Mohammed) Yahiya (يحيى) (ar a dtugtar freisin Yehya, Yahya, Yihya, Yihia, Yahia) MOALLA (معلا) (ar a dtugtar freisin Mu'la, Ma'la, Muala, Maala, Mala)	Dáta breithe: 1951; Áit bhreithe: Lattakia, Syria; Inscne: fireann	IarAire Ardoideachais. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
160.	Dr. Hazwan (هزوان) AL WEZ (الوز) (ar a dtugtar freisin Al Wazz)	Inscne: fireann	IarAire Oideachais, a ceapadh i mí Iúil 2016. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
161.	Dr. Mohamad (محمد) (ar a dtugtar freisin Muhammad, Mohamed, Mohammed, Mohammad) Zafer (ظافر) (ar a dtugtar freisin. Dhafer) MOHABAK (محبك) (ar a dtugtar freisin Mohabbak, Muhabak, Muhabbak)	Dáta breithe: 1945 Áit bhreithe: Aleppo, Syria; Inscne: fireann	IarAire Geilleagair agus Trádála Eachtraí. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
162.	Dr Mahmoud (محمود) Ibraheem (ابراهيم) (ar a dtugtar freisin Ibrahim) SA'IID (سعيد) (ar a dtugtar freisin Said, Sa'eed, Saeed)	Dáta breithe: 1953; Áit bhreithe: Lattakia, Syria; Inscne: fireann	IarAire Iompair a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
163.	Dr. Safwan (صفوان) AL ASSAF (العساف)	Inscne: fireann	IarAire Tithíochta agus Forbartha Uirbí. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
164.	Yasser (ياسر) (ar a dtugtar freisin Yaser) al SIBA'II (السباعي) (ar a dtugtar freisin al-Sibai, al-Siba'i, al Sibaei)	Inscne: fireann	IarAire Oibreacha Poiblí. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
165.	Sa'iid (سعيد) (ar a dtugtar freisin Sa'id, Sa'eed, Saeed) MA'THI (معذى) (ar a dtugtar freisin Mu'zi, Mu'dhi, Ma'dhi, Ma'zi, Maazi) Hneidi (هنيدي)	Inscne: fireann	IarAire Ola agus Acmhainní Mianra. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
166.	Dr Lubana (لبانة) (ar a dtugtar freisin Lubanah) MUSHAWEH (مشوح) (ar a dtugtar freisin Mshaweh, Mshawweh, Mushawweh)	Dáta breithe 1955; áit bhreithe Damascus, Syria; Inscne: baineann	IarAire Cultúir a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
167.	Dr. Jassem (جاسم) (ar a dtugtar freisin Jasem) Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) ZAKARIA (زكريا)	Dáta breithe 1968; Inscne: fireann	IarAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
169.	Dr. Adnan (عدنان) Abdo (عبدو) (ar a dtugtar freisin Abdou) AL SIKHNY (السخني) (ar a dtugtar freisin al-Sikhni, al-Sekhny, al-Sekhni)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Aleppo, Syria; Inscne: fireann	IarAire Tionscail. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	16.10.2012
170.	Najm (نجم) (ar a dtugtar freisin Nejm) Hamad (حمد) AL AHMAD (الأحمد) (ar a dtugtar freisin al-Ahmed)	Inscne: fireann	IarAire Dlí agus Cirt a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
171.	Dr Abdul-Salam (عبدالسلام) AL NAYEF (النايف)	Dáta breithe: 1959 Áit bhreithe: Aleppo, Syria; Inscne: fireann	IarAire Sláinte a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
172.	Ali HADAR	Dáta breithe: 1962 Inscne: fireann	Ceann an National Reconciliation Agency agus iarAire Stáit Athmhuintearais Náisiúnta. Cathaoirleach ar an sciathán Intifada den Syrian Social Nationalist Party. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
173.	Dr Nazeera (نظيرة) (ar a dtugtar freisin Nazira, Nadheera, Nadhira) Farah (فرح) SARKEES (سركيس) (ar a dtugtar freisin Sarkis)	Dáta breithe: 1962 Áit bhreithe: Aleppo, Syria; Inscne: baineann	IarAire Stáit um Ghnóthaí Comhshaoil, a bhí i gcumhacht tar éis mhí Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
175.	Najm-eddin (نجم الدين) (ar a dtugtar freisin Nejm-eddin, Nejm-eddeen, Najm-eddeen, Nejm-addin, Nejm-addeen, Najm-addeen, Najm-addin) KHREIT (خريط) (ar a dtugtar freisin Khrait)	Inscne: fireann	IarAire Stáit. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne an réimeas ar an bpobal sibhialtach a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
176.	Abdullah (عبد الله) (ar a dtugtar freisin Abdallah) Khaleel (خليل) (ar a dtugtar freisin Khalil) HUSSEIN (حسين) ar a dtugtar freisin Hussain)	Inscne: fireann	IarAire Stáit a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
177.	Jamal (جمال) Sha'ban (شعبان) (ar a dtugtar freisin Shaaban) SHAHEEN (شاهين)	Inscne: fireann	IarAire Stáit a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	16.10.2012
178.	Nizar Wahbeh YAZAJI (ar a dtugtar freisin Nizar Wehbe Yazigi)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	Aire Sláinte ón 27.8.2014 i leith. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an daonra sibhialta.	21.10.2014
179.	Razan (رزان) OTHMAN (عثمان)	Bean chéile Rami Makhlouf, iníon le Waleed (ailias Walid) Othman.; Dáta breithe: 31.1.1977; Áit bhreithe: Governorate of Latakia; Uimhir Aitheantais: 06090034007 Inscne: baineann	Tá dlúthchaidreamh pearsanta agus airgeadais ag Razan Othman le Rami Makhlouf, col ceathrar le hUachtarán Bashar al-Assad agus príomh-airgeadaí an réimis, atá ainmnithe ag an gComhairle. Tá sí bainteach mar sin le réimeas na Siria, agus tairbhe á baint aici as, go háirithe trí infheistíochtaí in earnáil na réadmhaoine.	16.10.2012
180.	Ahmad AL-QADRI	Dáta breithe: 1956; Inscne: fireann	Aire Talmhaíochta agus Athchóirithe Talmhaíochta. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
181.	Suleiman AL ABBAS	Inscne: fireann	IarAire Ola agus Acmhainní Mianraí a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014
182.	Kamal Eddin TU'MA	Dáta breithe: 1959; Inscne: fireann	IarAire Tionscail a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	24.6.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
183.	Kinda AL-SHAMMAT (ar a dtugtar freisin Shmat)	Dáta breithe: 1973; Inscne: baineann	IarAire Faisnéise a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	24.6.2014
184.	Hassan HIJAZI	Dáta breithe: 1964; Inscne: fireann	IarAire Saothair a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	24.6.2014
185.	Ismael ISMAEL (ar a dtugtar freisin Ismail Ismail, nó Isma'Il Isma'il)	Dáta breithe: 1955; Inscne: fireann	IarAire Airgeadais a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	24.6.2014
186.	Dr Khodr ORFALI (ar a dtugtar freisin Khud/Khudr Urfali/Orphaly)	Dáta breithe: 1956; Inscne: fireann	IarAire Geilleagair agus Trádála Eachtraí a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	24.6.2014
187.	Samir Izzat Qadi AMIN	Dáta breithe: 1966; Inscne: fireann	IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	24.6.2014
188.	Bishr Riyad YAZIGI	Dáta breithe: 1972; Inscne: fireann	Comhairleoir d'Uachtarán Bashar al-Assad. IarAire Turasóireachta. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean ag rinne réimeas na Siria.	24.6.2014
189.	Dr Malek (مالك) ALI (علي) (ar a dtugtar freisin Malik Ali)	Dáta breithe: 1956; Áit bhreithe: Tartous, Syria; Inscne: fireann	IarAire Ardoideachais a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean ag rinne réimeas na Siria.	24.6.2014
190.	Hussein ARNOUS (ar a dtugtar freisin Arnus)	Dáta breithe: 1953; Inscne: fireann	Aire Acmhainní Uisce. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	24.6.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
191.	Dr Hassib Elias SHAMMAS (ar a dtugtar freisin Hasib)	Dáta breithe: 1957; Áit bhreithe: Aleppo, Syria; Inscne: fireann	IarAire Stáit a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	24.6.2014
192.	Hashim Anwar AL-AQQAD ar a dtugtar freisin Hashem Aqqad, Hashem Akkad, Hashim Akkad	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Mohagirine, Syria; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus/nó ag a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Tá leasanna aige in Anwar Akkad Sons Group (AASG) agus ina fhochuideachta United Oil, nó tá tionchar suntasach aige orthu. Is ilchuideachta é AASG a bhfuil leasanna aige in earnálacha amhail ola, gás, ceimiceáin, árachas, innealra tionsclaíoch, réadmhaoin, turasóireacht, taispeántais, conraitheoireacht, árachas agus trealamh leighis. D'oibrigh Hashim Anwar al-Aqqad freisin mar fheisire de Pharlaimint na Siria chomh déanach céanna le 2012. Ní bheadh rath ar Hashim Anwar Al-Aqqad i gcónaí ceal cúnaimh ón réimeas. I bhfianaise fhairsinge a ghnó agus a nasc polaitiúil leis an réimeas, tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as.	23.7.2014
193.	Suhayl (ar a dtugtar freisin Sohail, Suhail, Suheil) HASSAN (ar a dtugtar freisin Hasan, al-Hasan, al-Hassan) ar a dtugtar "The Tiger" (ar a dtugtar freisin al-Nimr)	Dáta breithe: 1970; Áit bhreithe: Jableh, Latakia Province, Syria; Céim: Maorghinearál; Post: Ceannasaí Qawat al-Nimr (Rannán 25 Special Mission Forces, ar a dtugtar roimhe seo Tiger Forces); Inscne: fireann	Oifigeach ar chéim mar Mhaorghinearál in Arm na Siria tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ceannasaí rannán den arm ar a dtugtar "Tiger Forces". Ó mhí Lúnasa 2019 i leith, athainmníodh "Tiger Forces" mar "Division 25 Special Mission Forces" agus cuireadh faoi cheannas an airm iad. Freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois le foréigean.	23.7.2014
194.	Amr ARMANAZI (ar a dtugtar freisin Amr Muhammad Najib al-Armanazi, Amr Najib Armanazi, Amrou al-Armanazy)	Dáta breithe: 7.2.1944 Inscne: fireann	Ard-Stiúrthóir an Syrian Scientific Studies and Research Centre (SSRC), atá freagrach as tacaíocht a chur ar fáil d'arm na Siria chun trealamh a fháil a úsáidtear chun faireachas agus cur faoi chois a dhéanamh ar léirsitheoirí. Tá sé freagrach freisin as airm neamhghnácha a fhorbairt agus a tháirgeadh, lena n-áirítear airm cheimiceacha, agus diúracáin chun iad a sheachadadh. Freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean; tacaíonn sé le réimeas na Siria	23.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
199.	Bayan BITAR (ar a dtugtar freisin Dr Bayan al-Bitar)	Dáta breithe: 8.3.1947; Seoladh: P.O. Box 11037 Damascus, Syria; Inscne: fireann	Stiúrthóir Bainistíochta an Organisation for Technological Industries (OTI), agus an Syrian Company for Information Technology (SCIT), ar fochuideachtaí iad araon d'Aireacht Cosanta na Siria, atá ainmnithe ag an gComhairle. Cabhraíonn OTI le táirgeadh arm ceimiceach do réimeas na Siria. Mar Stiúrthóir Bainistíochta OTI agus SCIT, tugann Bayan Bitar tacaíocht do réimeas na Siria. De bharr a róil i dtáirgeadh arm ceimiceach, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean atá á dhéanamh ar mhuintir na Siria. I bhfianaise a phoist shinsearaigh sna heintitis sin, tá baint aige freisin leis na heintitis ainmnithe OTI agus SCIT.	7.3.2015
200.	Brigadier General Ghassan ABBAS	Dáta breithe: 10.3.1960; Áit bhreithe: Homs, Syria; Seoladh: CERS, Centre d'Etude et de Recherche Scientifique (ar a dtugtar freisin SSRC, Scientific Studies and Research Centre; Centre de Recherche de Kaboun Barzeh Street, PO Box 4470, Damascus, Syria) Inscne: fireann	Bainisteoir an chraoibh den Syrian Scientific Studies and Research Centre (SSRC/CERS) gar do Jumraya/Jmraiya atá ainmnithe. Bhí baint aige le leathadh arm ceimiceach agus le heagrú ionsaithe arm ceimiceach, lena n-áirítear in Ghouta i mí Lúnasa 2013. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois le foréigean. Mar bhainisteoir den chraobh SSRC/CERS gar do Jumraya/Jmraiya, tugann Gassan Abbas tacaíocht do réimeas na Siria. I ngeall ar an bpost sinsearach atá aige in SSCR, tá baint aige freisin leis an eintiteas ainmnithe SSRC.	7.3.2015
202.	Hassan SAFIYEH (ar a dtugtar freisin Hassan Safiye)	Dáta breithe: 1949; Áit bhreithe: Latakia, Syria; Inscne: fireann	IarAire Cultúir a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 (27.8.2014 a ceapadh). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria.	21.10.2014
203.	George HASWANI (ar a dtugtar freisin Heswani; Hasawani; Al Hasawani)	Seoladh: Damascus Province, Yabroud, Al Jalaa St, Syria; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna aige agus/nó gníomhaíochtaí aige in earnálacha na hinnealtóireachta, na tógála agus na hola agus an gháis. Tá leasanna aige i roinnt cuideachtaí agus eintiteas sa tSiria agus/nó tá tionchar suntasach aige orthu, go háirithe ESCO Engineering and Construction Company, cuideachta mhór innealtóireachta agus tógála.	7.3.2015

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
204.	Emad (عماد) HAMSHO (حمشو) (ar a dtugtar freisin Imad Hmisho; Hamchu; Hamcho; Hamisho; Hmeisho; Hemasho)	Seoladh: Hamsho Building 31 Baghdad Street Damascus, Syria; Inscne: fireann	Tá post bainistíochta sinsearaí aige in Hamsho Trading. I ngeall ar an bpost sinsearach atá aige in Hamsho Trading, fochuideachta de Hamsho International, atá ainmnithe ag an gComhairle, tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria. Tá Hamsho Trading bainteach mar sin le heintiteas ainmnithe, Hamsho International. Tá sé ina leas-uachtarán freisin ar an Syrian Council of Iron and Steel in éineacht le fir ghnó ainmnithe de chuid an réimis amhail Ayman Jaber. Is comhlach é le hUachtarán Bashar al-Assad freisin.	7.3.2015
206.	Major General Muhamad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad) MAHALLA (محلا) (ar a dtugtar freisin Mahla, Mualla, Maalla, Muhalla)	Dáta breithe: 1960; Áit bhreithe: Jableh, Syria; Inscne: fireann	Comhalta de na Syria Armed Forces atá ina Mhaorghinearál sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011. Iarcheann ar an Syrian Military Intelligence (SMI), Craobh 293 (Gnóthaí Baile), ó mhí Aibreáin 2015 i leith. Tá sé freagrach as brú faoi chois agus as foréigean i gcoinne an phobail sibhialtach sa Damaisc agus sa taobh tíre thart ar an Damaisc. IarLeas-Cheann Slándála Polaitiúla (2012), Oifigeach san Syrian Republican Guard agus Leas-Stiúrthóir an Political Security Directorate. IarCheann na bPóilíní Míleata, Comhalta den National Security Bureau.	29.5.2015
207.	Adib SALAMEH (ar a dtugtar freisin Adib Salamah; Adib Salama; Adib Salame; Mohammed Adib Salameh; Adib Nimr Salameh) (أديب نمر سلامة)	Post: Maor-Ghinearál, Leas-Stiúrthóir an Air Force Intelligence Directorate sa Damaisc; Inscne: fireann	Comhalta de sheirbhísí slándála agus faisnéise na Siria sa phost tar éis mhí an Bealtaine 2011; Leas-Stiúrthóir an Air Force Intelligence Directorate sa Damaisc; Ceann an Air Force Intelligence in Aleppo roimhe seo. Comhalta de na Syrian Armed Forces ar chéim an "chornail" agus a chomhionann nó níos airde sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011; ina Mhaor-Ghinearál. Freagrach as pobal sibhialtach na Siria a chur faoi chois le foréigean, trí ionsaithe míleata in Aleppo a phleanáil agus trí pháirt a ghlacadh iontu agus údarás aige maidir le sibhialtaigh a ghabháil agus a choinneáil.	28.10.2016
